



An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing,
Planning and Local Government




Department for
Communities

An Roinn
Pobal

Department for
Commonities

www.communities-ni.gov.uk

Aire a Thabhairt d'Ár n-Oidhreacht Dhúchasach



gov.ie/housing

communities-ni.gov.uk

Ábhar

Réamhrá	1
Sula gcuirfear tús le hoibreacha.....	3
Deontais agus Cúnamh	3
‘Athchóiriú bog’	4
Deisiúcháin, Iarfheistiú agus Cothabháil.....	6
Iarfheistiú um Chaomhnú Fuinnimh	6
Cothabháil Rialta.....	6
Cosc Dóiteáin.....	8
Smaointe Dúchasacha	9
Tógáil Dhúchasach.....	10
Ballaí	10
Díonta	13
Cinn tuí Stairiúla.....	14
Clúdaigh eile Dín.....	15
Fuinneoga agus Doirse	16
Cúrsaí Intí.....	18
An tSeanchistin agus an Teallach	19
Troscán Traidisiúnta.....	20
Clóis Feirme agus Timpeallachtaí	22
Go hachomair.....	24
Eolas/Sonraí Teagmhála	25

Íomhá ar an gclúdach tosaigh: Áitreabh feirme i Lios an tSeileastair, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin (Fardal Náisiunta na hOidhreachta Ailtireachta [FNOA ina dhiaidh seo])

Réamhrá

Is cuid ríthábhachtach dár dtírdhreacha tuaithe agus uirbeacha í ár n-oidhreacht dhúchasach. Áirítear inti tithe, foirgnimh, struchtúir agus gnéithe arna dtógáil ag ‘gnáthdhaoine’, in éineacht lena gcomharsana, agus leas á bhaint acu as na smaointe agus modhanna a sheachadadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin laistigh dá dteaghlaigh agus pobail. Tá na traidisiúin seo ina gcuid freisin de chultúr comhroinnte tógála atá le fáil ar fud an domhain. Mar sin, léiríonn ár n-oidhreacht dhúchasach cruthaitheacht ár sinsear, soláthraíonn sí nasc leis na seanlaethanta agus tá ár moladh agus meas tuillte go mór aici. Tá ár n-oidhreacht dhúchasach ríthábhachtach don éagsúlacht áitiúil agus tugann sí saintréithe ar leith dár dtírdhreacha aithnidiúla. Is iomaí cónaitheoir uirbeach nach bhfuil imithe ó theach dúchasach ach le glúin nó dhó, agus mar sin, is mór againn go léir go seasfaidh na foirgnimh seo an fód.



Teach agus bail mhaith air, Cúil an Átháin, Bántír, Co. Chorcaí (FNOA)

Tá go leor tithe gan áitiú agus tithe lasmuigh atá as úsáid le fáil ar fud na tíre, i gceantar tuaithe den chuid is mó. Is trua go bhfuil go leor dár n-oidhreacht dhúchasach curtha i leataobh gan a húsáid a thuilleadh de bharr meonta sóisialta, bánú na tuaithe, dearóiliú uirbeach agus modhanna tógála nua-aimseartha. Tuigimid anois, áfach, go gcaithfimid ár ‘lorg carbóin’ a laghdú go práinneach.

Is féidir linn féachaint ar fhoirgnimh dhúchasacha mar 'linn dé-ocsaíd charbóin' - is iad na foirgnimh is glaise na foirgnimh atá ar an bhfód cheana féin!

Tá sé ciallmhar foirgnimh atá ina seasamh cheana féin a athchóiriú agus foirgnimh atá as úsáid a úsáid an athuair, nuair is féidir é sin a dhéanamh ar bhealach a léiríonn meas ar na foirgnimh agus ar na pobail a chruthaigh iad. Ciallaíonn sé sin gogcaithfidimid imeacht ón gcur chuige 'oireann an toise céanna do gach duine' agus féachaint chun bealaí níos sláintiúla a thacaíonn le daoine a fhorbairt i leith na tógála. Lena linn sin, is féidir eolas a chur an athuair ar ár n-oidhreacht dhúchasach agus ar an méid a chuireann sí ar fáil dúinn. Sna foirgnimh seo, úsáidtear ábhair nádúrtha de ghnáth a bhíonn inbhuanaithe agus sláintiúil dá gcónaitheoirí agus úsáideoirí go léir.

Tá níos mó i gceist le foirgnimh dhúchasacha a athchóiriú ná na ballaí lasmuigh a choinneáil. Baineann an-tábhacht leis an leagan amach stairiúil. Ba cheart an bhéim a chur ar an bhfoirgneamh a úsáid mar atá sé, a struchtúr agus gnéithe a choinneáil a mhéid is féidir, agus gan ach an líon is lú athruithe agus is féidir a dhéanamh. Tugann sé sin le fios gur cheart doirse agus fuinneoga an fhoirgnimh a choinneáil san áit chéanna gan méid na n-oscailtí a athrú. Nuair a dhéantar an taobh istigh a athrú go mór, déantar saintréithe foirgneamh stairiúil a athrú ó bhonn. Níor cheartseantallach cistine a thógáil amach nó a athrú, más féidir in aon chor é.



Teach i nGleann Doinne, Bun Abhann Dalla, Co. Aontroma agus athchóiriú bog de dhíth air (Rannógan Chomhshaoil Stairiúil, An Roinn Pobal [RCSARP ina dhiaidh seo])

Sa leabhrán seo, mínítear céard atá i gceist le foirgnimh dhúchasacha, agus cuirtear roinnt comhairle ghinearálta ar fáil maidir le haire a thabhairt dóibh.

Sula gcuirfear tús le hoibreacha

Is ciallmhar an rud é i gcónaí roinnt comhairle a fháil sula gcuirtear tús le hobair ar fhoirgneamh dúchasach ar bith, ionas go ndéantar ábhair spéise a shainaithint agus go léirítear meas ar shaintréithe an fhoirgnimh. Gheofar na torthaí is fearr i gcónaí nuair a bhíonn sé mar aidhm ‘athchóiriú bog’ a dhéanamh agus nuair a bhíonn an cur chuige áirithe sin i gcroí lár na hoibre. Is maith an túsphointe labhairt le húinéirí eile foirgneamh dúchasach. Féadfaidh sé sin a bheith cabhrach ó thaobh fadhbanna a sheachaint, leideanna a fháil agus teagmháil a dhéanamh le ceardaithe agus saoir éagsúla, foireann an údaráis áitiúil agus daoine eile.

Níl an chuid is mo d’fhoirgnimh dhúchasacha liostaithe ag údaráis áitiúla nó comhlachtaí rialtais, lena gcosaint ná lena gcaomhnú. Ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil spéis iontu ná nach mbaineann tábhacht leo. I gcás foirgnimh a ndéantar cosaint dhlíthiúil orthu, ní mór oibreacha a tharchur chuig do chomhairle áitiúil nó, i dTuaisceart Éireann, chuig Rannóg an Chomhshaoil Stairiúil, An Roinn Pobal, mar chuid den ghnáthchleachtas.

Deontais agus Cúnamh

Ba cheart go mbeadh do chomhairle áitiúil nó, i dTuaisceart Éireann, Rannóg an Chomhshaoil Stairiúil, An Roinn Pobal, in ann cúnamh a thabhairt duit maidir leis na nithe seo a leanas:

- na bealaí is fearr chun aghaidh a thabhairt ar dheisiú agus athchóiriú
- daoine a aimsiú a bhfuil taithí acu ó thaobh ceirde éagsúla
- ábhair a fhoinsiú
- scéimeanna deontais



Gnáthfhoirgneamh feirme ó Dhroim na hUinseann, Co. Ard Mhacha, ag an Ulster Folk and Transport Museum (Barry O'Reilly)

‘Athchóiriú bog’

Nuair a dhéantar obair ar fhoirgneamh dúchasach, is ríthábhachtach go dtuigtear a chineál, a struchtúr agus ábhair, agus conas oibriú leis an teach. Bíonn a nós oibrithe féin ag foirgnimh (cosúil le daoine) agus caithfimid a bheith solúbtha agus oibriú leo ar bhealach bog tuisceanach. Is fiú a aithint ag an tús go bhfuil teorainn leis an méid ‘idirghabhála’ is féidir le foirgneamh a láimhseáil!

Baineann tábhacht ar leith leis an gcompord! Is iad teas, solas agus spás na rudaí is mó a luaitear mar ghnéithe a mbíonn in easnamh i dtithe dúchasacha agus, mar sin, tá sé go hiomlán réasúnta uasghrádú a dhéanamh orthu chun déileáil leis na heasnamh sin a mheastar a bhfuil ann. Ní bheadh aon duine sásta, agus níor cheartgo mbeifí ag súil go mbeidís sásta maireachtáil i dteach atá cúng, tais agus gan chompord. Tá samplaí maithe ann de thithe dúchasacha gan áitiú a ndearnadh athchóiriú orthu chun tithe fairsinge compordacha a dhéanamh astu. Ach, díreach nach n-oireann na rudaí céanna dúinn go léir, ní oireann an teach dúchasach céanna dúinn go léir ach an oiread.

Má tá síneadh ag teastáil, níor cheart go mbeadh sé rómhór don teach mar atá sé, agus ba cheart go mbeadh a scála, foirm agus mionsonraí i gcomhréir leis. D’fhéadfadh doras nó fuinneog ag an gcúl a úsáid chun an tseanchuid den teach a nascadh leis an síneadh nua. Go traidisiúnta, tógadh síntí in aon líne leis an teach, ag binn amháin nó an dá bhinn; níos moille, tógadh síntí mar phlean ‘L’ nó ‘T’.

Uaireanta, is féidir foirgneamh lasmuigh a ionchorprú san fhoirgneamh nua, agus saintréith an tsuímh a choinneáil ag an am céanna.



Teach feirme le síntí éagsúla, Baile Mhic Aodha, Béal Átha na gCarr, Co. Uíbh Fháilí (Barry O'Reilly)

Sa leathanach atá le teacht, léirítear sampla den ‘athchóiriú bog’.

Go hidéalach, níor cheart go dtógfaí faoi deara in aon chor go ndearnadh oibreacha athchóirithe. Díreach mar a tharla riamh, caithfidh foirgnimh dhúchasacha a bheith in ann forbairt diaidh ar ndiaidh, ar aon dul le saol a n-úinéirí agus a gcúinsí athraitheacha. Sa lá atá inniu ann, caithfimid an inbhuanaitheacht a ghlacadh chugainn féin fad is atá oidhreacht uathúil na haitireachta dúchasaí seo á caomhnú againn ag an am céanna. Ba cheart go mbeimis in ann modhanna a aimsiú chun tithe dúchasacha a chur in oiriúint, nó síneadh a chur leo, gan baint ón a gcarachtar traidisiúnta.



Oileán Dhumhaí, Co. Dhún na nGall: roimh an athchóiriú bog (2010) agus ina dhiaidh (2013)
(Duncan MacLaren)



Deisiúcháin, Iarfheistiú agus Cothabháil

Féadfaidh taise a bheith ina fadhb, go speisialta i bhfoirgneamh atá gan áitiú le fada. Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil aerú maith sa teach agus go ndéantar an díon agus na gátéir a dheisiú. Féadfaidh go mbeidh gá leis an sruthchóras lasmuigh a fheabhsú, e.g. draein spallaí a thochailt. Tógfaidh an próiseas triomaithe amach roinnt ama, agus ní mór a bheith foighneach agus seans a thabhairt don fhoirgneamh an staid cheart a bhaint amach. Seans go mbeidh deisiúcháin de dhíth ar an obair chloiche, ar na ballaí feidín, ar an rindreáil, ar an adhmaadóireacht dín agus ar choda eile den fhoirgneamh, ach níor cheart ach an méid is lú is gá a dhéanamh chun an fhadhb a réiteach.

Iarfheistiú um Chaomhnú Fuinnimh

Má mholtar iarfheistiú a dhéanamh ar chúiseanna caomhnaithe fuinnimh, caithfear breithniú an-chúramach a dhéanamh chun a chinntiú nach gcuirtear as an gcothromaíocht chigilteach a choinníonn foirgnimh dhúchasacha i ndea-bhail. Má úsáidtear na hábhair agus cuir chuige 'réidh le húsáid' a úsáidtear agus tithe á dtógáil as an nua, d'fhéadfaí an-dochar a dhéanamh d'fhoirgnimh dhúchasacha agus dá n-ábhair. D'fhéadfadh taise agus lobhadh a bheith i gceist má úsáidtear ábhair nádúrtha amhail láib, tuí, giolcacha agus ábhar caolaigh. Tá sé ríthábhachtach go lorgaítear dea-chomhairle sula dtugtar aghaidh ar a leithéid

Cothabháil Rialta

Níl a leithéid ann agus rud nach gá cothabháil a dhéanamh air! Faoi mar a bhíonn i gceist le foirgnimh de gach cineál agus aois, bíonn cothabháil ag teastáil ar bhonn rialta chun foirgneamh dúchasach a choinneáil i ndea-bhail. Nuair nach ndéantar cothabháil ar bhonn rialta, bíonn deisiúcháin chostasacha le déanamh dá bharr. 'An té nach gcuirfidh greim cuirfidh sé dhá ghreim' mar a deir an seanfhocal. Baineann sé sin go mór le seanfhoirgnimh agus is fiú go mór aird a thabhairt air.



Teach agus deisiúcháin éagsúla de dhíth air, Cregg, gar don Srath Bán, Co. Thír Eoghain (Barry O'Reilly)

Is smaoineamh maith é sceideal cothabhála a leagan amach, chomh maith le déileáille fadhbanna de réir agus a thagann siad chun cinn. Is gá rudaí áirithe a dhéanamh ar bhonn bliantúil, rudaí eile gach cúig nó deich mbliana agus rudaí eile níos minice fós. Agus méadú tagtha ar an líon báistí a thiteann, de dheasca an athraithe aeráide, is é an díon an chuid is leochailí d'aon fhoirgneamh. D'fhéadfadh fadhb a bheith ann le sclátaí sciortha, leis na gáitéir nó leis na fánphíobáin. Is comhartha cinnte go bhfuil fadhb ann má tá plandaí ag fás sna gáitéir agus is minic a bhíonn taise laistighden fhoirgneamh ina dhiaidh sin. Ba cheart na gáitéir a ghlanadh cúpla uair sa bhliain. Má chuirtear claonadh sna gáitéir, ní rithfidh uisce síos aghaidh an fhoirgnimh má tharlaíonn bacadh sna gáitéir agus fánphíopaí.

Baineann fadhbanna ar leith le tuí ach is féidir le tuíodóir a bhfuil taithí aige déileáil leo. Caithfear an bhuaic a athnuachan gach cúpla bliain, chomh maith leis na háiteanna timpeall ar na simléir. Beidh cóta nua tuí ag teastáil ar an díon gach deich mbliana nó mar sin, ag brath ar an gcineál ábhair a úsáidtear.



Ceann tuí agus aire de dhíth air, Gleann Uí Chomáin Íochtarach, Cillín an Chrónáin, Co. Chorcaí (FNOA)

Ba cheart fuinneoga agus doirse a phéinteáil chun iad a chosaint ón aimsir. Seans go gcaithfidh cuid den adhmaid a dhéanamh as an nua - beidh siúinéir in ann an píosa a bhaint amach agus píosa nua a spladhsáil isteach. Is annamh a bhíonn gá lefuinneog nó doras iomlán a chur isteach. Loiteann uPVC, alúmanam nó ábhair eile mar sin cuma an fhoirgnimh. Is mór an chabhair iad saiseanna sleamhnáin adhmaid agus cineálacha eile fuinneoga stairiúla ó thaobh aerú a chothú san fhoirgneamh.



Gnáthfhuinneog le sais sleamhnáin adhmaid, Sráid Chnoc an Tobair, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo (FNOA)

Nuair a shéalaítear foirgneamh go daingean, cuireann sé isteach go mór ar a fheidhmíocht agus bíonn sé costasach an obair seo a scriosadh. Má úsáidtear cineálacha áirithe séaltán, ní bhíonn ballaí nó díon foirgnimh stairiúla in ann 'análú', rud a cheapann taise agus a chuireann fadhbanna faoi cheilt seachas iad a réiteach.

Cosc Dóiteáin

Is ríthábhachtach aláraim deataigh agus aláraim dóiteáin chun rabhadh a thabhairt go bhfuil dóiteán ann, agus ba cheart iad a shuiteáil mar chuid den ghnáthchleachtas. Tá sé níos fearr na haláraim a shreangú isteach más féidir, seachas aláraim cadhnra a úsáid. Ba cheart aláraim a shuiteáil sa spás dín freisin i bhfoirgnimh ceann tuí. Is riachtanach an sreangú agus gléasanna leictreacha a choinneáil i ndea-bhail, agus is riachtanach freisin foinse uisce a bheith ar fáil in aice láimhe.

Smaointe Dúchasacha

Féadfaidh smaointe, teicnící agus ábhair dhúchasacha cabhrú linn bealaí nua deartha, tógála, agus maireachtála fiú, a aimsiú. Cabhraíonn siad linn tithe nua agus foirgnimh eile a chruthú atá fréamhaithe laistigh dár saintraidisiúin. Nuair a bhímid bródúil as ár n-oidhreacht dhúchasach, agus nuair a fhoghlaimímid uaithi, léirímid muinín as ár bpobail, as ár gcultúr agus as ár sochaí féin.



Teach gar do Dhún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall agus Slinnte Roisín air. Glacann an teach seo lántairbhe as fothain na fána. (Joe Gallagher/Greg Stevenson)

Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint idir traidisiún, aeráid agus an timpeallacht áitiúil, baineann saintréithe áitiúla agus réigiúnacha ar leith lenár n-oidhreacht dhúchasach. Cuireann sé sin go mór leis an mbraistint áite. Mar sin, agus aire á tabhairt don oidhreacht seo, tá meas á léiriú agus cothabháil á déanamh againn uirthi freisin.

Cuireann smaointe dúchasacha go mór le cuir chuige nua i leith na héiceathógála, i leith na tógála nádúrtha agus i leith roghanna eile ‘malartacha’ ísealcharbóin maidir is féidir a úsáid i ndearthaí nua agus atá sláintiúil do dhaoine freisin. Cumasaíonn na cuir chuige seo ‘gnáthdhaoine’ a gcuid ailtireachta féin a dhéanamh agus, le spreagadh, is féidir leo áiteanna cónaithe a dhearadh a oibríonn do na daoine iad féin, dá bpobail agus dá dtimpeallacht.

Nuair a bhíonn meas againn ar ár dtírdhreacha dúchasacha ar leith, idir thírdhreacha tuaithe agus thírdhreacha uirbeacha, cabhraíonn sé chun a gcáilíocht a choinneáil, chun bród áitiúil a fheabhsú agus sinn a chumasú chun taitneamh a bhaint as braistint leanúnach áite.

Tógáil Dhúchasach

Deirtear go minic go mbaineann ‘buaine’ leis an mbealach dúchasach tógála toisc gogcoinníonn sé seanteicneolaíocht agus sean-ábhair mhór. Nascann sé sinn lenár sinsear a aithnítear anois go raibh a modhanna seanbhunaithe ina gcabhair ó thaobh déileála leis an athrú aeráide agus cúrsaí eile. Molann cúrsaí dúchasacha bealaí eile chun fostaíocht mhalartach a chruthú, trí mhargadh a sholáthar le haghaidh ábhair agus modhanna tógála áitiúla traidisiúnta. Nascann na cuir chuige seo cúram d’fhabraic na bhfoirgneamh le meas ar ár sinsear a raibh tuiscint acu ar an nasc idir daoine agus an comhshaol nádúrtha. Tá a leithéid de thuiscint ar cheann de na réitigh maidir leis an maireachtáil inbhuanaithe a bhunú.

De ghnáth, faightear na hábhair a úsáidtear i bhfoirgnimh dhúchasacha sa cheantar áitiúil agus úsáidtear iad i gceirdeanna amhail tuíodóireacht, caoladóireacht agus saoirseacht chloiche traidisiúnta agus um ballaí feidín. I measc na n-ábhar, tá clocha agus leaca ó ghoirt agus cairéil bheaga; láib ón talamh; adhmaid ó choillte, portaigh, díoga agus longbhristeacha; caolach ó fhálta sceach nó caológa; aol arna dhó in áith; scraitheanna ón bportach nó ón mbáinseach féarach; tuí ón bhfómhar; giolcacha ón abhainn nó ó lochanna; agus ábhair eile nach iad.

Ballaí

Sa chuid is mó d’fhoirgnimh dhúchasacha tá ballaí cloiche nó láibe, nó meascán de na príomhábhair seo.

Faightear foirgnimh láibe (ní téarma traidisiúnta in Éirinn é an téarma Béarla ‘cob’) i gceantair ina bhfuil cré bholláin dhomhain (‘buí’) agus cabhraíonn a gcuma neamhrialta lena n-aithint. Dhéantaí an láib a thochailt amach agus chuití in airde í ar chnuchairí cloiche thart ar 30 cm (12 orlach) ar airde, i gcúrsaí de 45-50 cm (18 orlach).



Balláí láibe á ndeisiú, Maigh Ghlas, Co. Loch Garman
(Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath)

Chuirte tuí mionghearrtha leis, agus uaireanta chuirte géaga éadroma thar chúinní an fhoirgnimh chun neart a chur leis. Chuirte plástar aoil nó aol ar na ballaí laistigh agus lasmuigh. Caithfear starradh domhain a chur os cionn na sceimhleacha chun iad a chosaint ó shileáin ón díon. Úsáidtear an nath cainte ‘hata agus péire láidir buataisí’ chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le dúshraith dhaingean agus starradh leathan.

Bíonn ballaí láibe 50-100 cm (20-40 orlach) ar leithead, de ghnáth, agus, chun iad a dhéanamh níos daingne, is minic a bhíonn siad níos leithne ag an mbun ná ag an mbarr. Má tá lochtanna sna foirgnimh ballaí láibe, bíonn scoilteanna le feiceáil ag na cúinní agus is minic a chuir úinéirí nó tógálaithe tacaithe isteach chun tacú le ballaí nach bhfuil díreach. Tá go leor bealaí ann chun ballaí láibe a dhéanamh, ó chnapáin chre atá ar chóimheid le dorn go brící atá 50 cm (20 orlach) ar fad. Is minic a bhíonn modhanna éagsúla le feiceáil laistigh den fhoirgneamh céanna, nó in éineacht le cloch.

De ghnáth, bíonn ballaí cloiche 45-60 cm (18-24 orlach) ar tiús agus bíonn cuma i bhfad níos rialta orthu ná mar a bhíonn ar bhallaí láibe. I gceantair áirithe, áit a bhfuil cloch ardcháilíochta ar fáil agus é éasca oibriú léi, uaireanta bíonn sairseacht ealaíonta le fáil i bhfoirgnimh dhúchasacha, idir cholbhaí doirse agus fuinneoige, shimpléir agus sceimhleacha de chlocha gearrtha nó clocha cóirithe nach gá rindreáil a dhéanamh orthu. In áiteanna eile, déantar ballaí as clocha arna nglanadh ó na goirt, agus sa chás sin, féadfaid siad a bheith an-gharbh agus cruinn. I gcásanna áirithe, rinneadh bolláin nach raibh éasca a bhogadh a ionchorprú isteach sna foirgnimh. Seans go bhfuil clocha ó chairéil áitiúla níos rialta ná na clocha a aimsítear sna goirt, ach de ghnáth, ní bhíonn cúrsáil ghlán orthu agus déantar iad a rindreáil i gcónaí le plástar agus/nó le haol.



Ballaí basailt i gcúrsaí, agus ceann tuí, Bóthar Scroggy, Cromghlinn, Co. Aontroma (RCSARP)

D'úsáidtí adhmaid mar ábhar tógála an-fhorleathan ar fad go dtí gur cailleadh an-chuid foraoiseacha go han-tapa sa 16ú agus sa 17ú haois. Bhí ról freisin ag an míshocraíocht pholaitiúil agus shóisialta, chomh maith le scriosadh seanfhoirgneamhagus socraíochtaí iomlána. Mar thoradh air sin go léir, níl ach líon an-bheag d'fhoirgnimh adhmaid fós le fáil in Éirinn. Tá foirgnimh a bhfuil fráma lúbtha orthu beagán níos coitianta – tógtar iad le maidí adhmaid fada áirseacha ó bhun na mballaí go buaic an dín, nó ó leathslí suas an balla go dtí an bhuaic.

Is rud fíor-ílfheidhmeach é caolach agus é déanta as slata sailí nó coill agus faightear é i gcochail tinteán, spiraí agus codanna uachtaracha bhallaí inmheánacha. Is féidir é a fháil i roinnt díonta mar thacaíocht don tuí. D'úsáidtí é chun ballaí a thógáil i dtithe agus i struchtúir eile suas go dtí an seachtú haois déag.



Simléar caoladóireachta, An Sliabh Corrach, An Chrois, Co. Chill Mhantáin (Christiaan Corlett)

Níor úsáideadh brící go coitianta riamh i bhfoirgnimh dhúchasacha in Éirinn, ach amháin i roinnt ceantar áirithe ina raibh cré oiriúnach. D'úsáidtí i bhfad níos mó é i ndiaidh c.1850 le haghaidh simléar agus le haghaidh colbhaí doirse agus fuinneoige.

I gcás roinnt foirgneamh dúchasach, d'úsáidtí iarann rocach, nó rinneadh as maischoincrét, trasnáin iarnróid athúsáidte agus ábhar eile iad.

Díonta

De ghnáth, bíonn díonta dúchasacha an-simplí ó thaobh crutha de – díon claonta (nó beannach), agus an díon á chlaonadh ó na sceimhleacha go dtí an bhuaic ar na ballaí fada, nó díon gabhail éadain, agus an díon á chlaonadh ó na ceithre taobh. Tádíon leithghabháil éadain ar fhoirgnimh áirithe, agus sa chás sin, leanann na ballaí gearra binne os cionn leibhéal na sceimhleacha agus bíonn gabhal éadain i gceist ón bpointe sin.

Ar an iomlán, is ‘cúpláin’ throma A-chruthach iad na díonta ceann tuí stairiúla ó thaobh struchtúir de, agus na deirí ísle socruithe isteach sna ballaí díreach faoi na sceimhleacha, ní ar mhaidí balla. De ghnáth is lomáin chruinne iad na maidí, nó lomáin gearrtha go garbh, agus ‘coiléir’ orthu aon tríú den bhealach suas ar an díon. Is bíomaí ceangail atá ar chuid de na díonta, ag trasnú ó sceimheal amháin go sceimheal eile. Bíonn taobháin níos éadroime trasna ar na cúpláin agus ‘easnacha’ garbha níos lú ar dronuillinn arís trasna ar na taobháin. I gceantair ina bhfuil díonta déanta as leaca nó as slinnte troma, is taobháin fhada throma a bhíonn ann mar fhráma, agus iad ag dul ó cheann ceann gach seomra. D’éirigh adhmaidra gearrtha coitianta i ndiaidh c.1850, nuair a thosaigh slinnte agus tíleanna ag teacht in áit tuí mar chumhdach ginearálta dín. Mar fhráma ar na díonta ‘dlúthchúpláin’ seo, bíonn trusanna A-chruthach sách éadrom gan mórán spáis eatarthu.

Ar thithe dúchasacha, bíonn an simléar i gcónaí ar an mbuaic agus íseal go leor de ghnáth. D’úsáidtí cloch i samplaí traidisiúnta ach, roimhe sin, d’úsáidtí cláir adhmaid agus tuí, fiú.



Gnáthstruchtúr dín A-chruthach, Lios na Con, Ceann Toirc, Co. Chorcaí (Barry O'Reilly)

Cinn tuí Stairiúla

Fuarthas tuí, an clúdach dín dúchasach is inaitheanta ar fad, ar na mílte foirgnimh, i gceantair uirbeacha chomh maith le ceantair thuaithe tráth, ach sa lá atá inniu ann, níl ach cúpla míle ceann tuí fós le fáil. Ní rud casta é an díon ceann tuí traidisiúnta. D'fhéadfadh buaic d'eiteáin (téad lúbtha ina snaidhmeanna) a bheith i gceist agus/nó scolbáil leagtha síos i bpatrún trasna ar a chéile ag na sceimhleacha agus/nó díreach faoi bhun na buaice. Ní úsáidtear buaiceanna ardaithe ('bloc') ná scuabadh 'malaí' go traidisiúnta in Éirinn.



Tuíodóireacht ar siúl, An Coimín Thiar, Sord Cholmcille, Co. Átha Cliath (Barry O'Reilly)

Oibríonn an tuíodóir ón taobh deas go dtí an taobh clé den díon (más deasóg é), ag baint amach ábhair lofa nó scaoilte, ag déanamh measúnaithe ar bhail an dín, ag curisteach bearta teann d'ábhar nua, ag críochnú gach cúrsa ingearaigh go hiomlán ó na sceimhleacha go dtí an bhuaic sula mbogann sé ar aghaidh go dtí an chéad chúrsa eile. Déantar cloch ghorm (sulfáit chopair) a spraeáil chun cruimheanna sa tuí a mharú.

Bíonn éagsúlacht ann ó thaobh modhanna tuíodóireachta ó réigiún amháin go réigiún eile. Is é an ceann is coitianta, a chumhdaíonn an dá thrían is iartharaí den oileán ná tuíodóireacht scolbáilte, nuair a cheanglaítear an tuí nó na giolcacha le fód 'fothuí' (tugtar 'scraitheanna' air seo), ag úsáid scolb sailí nó coill agus cruth biorán gruaige orthu. Déantar an fothuí a rolladh ar an adhmaid dín i stráicí thart ar 30cm (12 orlach) ar leithead agus iad ar airde iomlán an dín agus beagán lena chois, chun an bhuaic a fhorluí. Ceanglaítear an tsraith seo le téad le hadhmaid an dín.

Déantar sáthuíodóireacht go coitianta sna contaetha soir, áit a mbíonn sé níos tirime, gan a bheith chomh gaofar. Úsáidtear uirlis bheangánach chun bearta tuí snaidhmthe a bhrú isteach i bhfoshraith de thuí (seachas fód). In áiteanna ar chósta an Atlantaigh, úsáidtear tuí rópáilte go traidisiúnta. Leagtar amach téada trasna ar a chéile chun bearta den ábhar tuíodóireachta a choinneáil síos, agus bíonn an dá cheann den téad ceangailte le daingnithe cloiche, miotail nó adhmaid a bhíonn suite isteach sna sceimhleacha agus sna beanna. Tá leagain eile de na príomh-mhodhanna seo ann freisin, agus modhanna nua fós le teacht chun cinn, b'fhéidir.

Clúdaigh eile Dín

Ó thart ar 1600 ar aghaidh, d'úsáidtí scláta go coitianta ar fhoirgnimh ardstádais agus, ó thart ar 1800 ar aghaidh, d'úsáidtí é ar fhoirgnimh dhúchasacha. Baineadh amach é as cairéil áitiúla agus, ón 19ú haois ar aghaidh, iompórtáladh méid mór scláta ón mBreatain Bheag. Ní ba dhéanaí, forbraíodh sclátaí saorga, as stroighin aispeiste go minic. Iompórtáiltear sclátaí nádúrtha ón Spáinn freisin, mar shampla. D'úsáidtí tíleanna sna meánaoiseanna i dtithe móra agus i mainistreacha, ach níor úsáideadh go coitianta riamh é ar fhoirgnimh dhúchasacha. Úsáidtear leacanna cloiche le haghaidh clúdaigh dín i gceantair áirithe, iarthar an Chláir go speisialta, áit a bhfuil sé éasca an aolchloch a scoilt. Is díonta troma iad seo agus is gá adhmaidóireacht láidir a bheith acu.



Foirgneamh feirme agus díon déanta as leaca cloiche air, Baile an Chaisleáin, Co. Mhaigh Eo (Sarah Jane Halpin)

Thart ar 1860, tosaíodh ag úsáid iarann rocaigh, ábhar iompórtáilte arna tháirgeadh go tionsclaíoch. Is cuid bhunúsach den tógáil dhúchasach anois é. Go híorónta, ós rud é gur úsáideadh é chun díonta tuí a chumhdach, chabhraigh sé go mór chun struchtúir, teicnící agus ábhair stairiúla a chaomhnú. Chomh maith leis sin, toisc gur úsáideadh chomh minic sin in áit tuí é, is léiriú é de ghnáth go raibh ceann tuí ar an bhfoirgneamh tráth.



Teach ar a bhfuil díon iarainn rocaigh, Bóthar Scraghy, Caislen na Deirge, Co. Thír Eoghain agus, mar ba ghnách sa réigiún sin, tá spás do leaba starrtha le feiceáil ar chlé (RCSARP)

I measc na n-ábhar dín a d'úsáidtí go déanach sa 19ú haois agus sa 20ú haois tá aispeist rocach agus, níos déanaí fós, ceallúlós-biotúman (Onduline). Faightear feilt tarráilte ó am go ham, go príomha i gcontaetha an iarthair. D'úsáidtí ar dtús í chun báid iascaireachta traidisiúnta a chumhdach, agus is minic a d'úsáidtí í chun díon a chur ar thithe bád i gceantair cois cósta. Faightear freisin í ar roinnt tithe de chuid oibrithe.

Fuinneoga agus Doirse

De ghnáth, bíonn na doirse agus na fuinneoga simplí gan mhaisiú. Is minic, níos déanaí de ghnáth, a bhíodh scáthlán gaoithe ag an doras tosaigh a oibríonn freisin mar thaca don bhalla seo áit a bhfuil an bhearna is mó. Cabhraíonn sé seo go mór le cobhsaíocht ballaí láibe. Bíonn díon beannach, díon le balla nó díon cothrom ar scáthláin ghaoithe, agus clár binne 'galánta' nó maisiúchán eile air uaireanta. I gcás go bhfuil póirse ann, rinneadh é sin le sáchghairid.

Bíonn na doirse déanta de chláir adhmaid, adhmaid snaidhmthe agus adhmaid brataithe ('clár séamáilte'), i gcás go raibh an t-úinéir níos saibhre, aimsítear doirse painéalta sa teach. D'úsáidtí leathdhoirse go minic, chun leanaí a choinneáil istigh agus cearca lasmuigh.

Is iad fuinneoga le sais sleamhnáin na fuinneoga a d'úsáidtí de ghnáth ar fhoirgnimh shlán; d'úsáidtí fuinneoga daingnithe, cáismintí nó fuinneoga ar mhaighdeog freisin. Ar an taobh istigh, bíonn na fuinneoga feirbthe uaireanta, le líneáil adhmaid. Faightear lúvair ar na fuinneoga ar fhoirgnimh feirme, ar mhuilte agus ar struchtúir eile. Ar fhoirgnimh níos luaithe ná sin, bhíodh comhlaí adhmaid nó mataí tuí ar oscailtí.



Taobh istigh de theach ó Bhaile Mhic Giolla Íosa, Co. Aontroma, ag an Ulster Folk and Transport Museum (Jean Farrelly)

Níor cheart uPVC, miotal nó adhmad a chur in áit sean doirse agus seanfuinneoga más féidir, toisc go laghdaíonn sé sin saintréithe agus tarraingt súl an tí, chomh maith le hadhmad maith a chur amú gan gá freisin. D'fhéadfadh sé a bheith costasach a leithéid d'obair a chur ina ceart arís.



Scáthlán gaoithe agus doras déanta de chláir adhmaid, Ros Muc, Co. na Gaillimhe (FNOA)

Cúrsaí Intí

Baineann dhá leagan amach traidisiúnta le tithe dúchasacha – iontráil forsheomra agus iontráil dhíreach (léirithe sa leathanach seo agus an ceann dár gcionn). Sa chéad cheann, tá forsheomra beag déanta as landair idir an príomhdhoras agus an teallach istigh. Sa dara cheann, ní bhíonn aon fhorsheomra de ghnáth agus bíonn an teallach ag an taobh eile den chistin, os comhair an dorais.

I dtithe dúchasacha, is urláir choincréite nó adhmaid a bhíonn ann de ghnáth. Úsáidtear adhmaid go speisialta sa 'seomra maith' agus sna seomraí ar an gcéad urlár nó sa lochta. Roimhe sin, ba choitianta cré bhuailte agus leaca nó clocha duirlinge ag an teallach nó díreach taobh istigh den doras. I dtithe áirithe, bíonn nó bhíodh leaca ar an urlár.

Go traidisiúnta, bhíodh na seomraí sa teach dúchasach oscailte don díon. Le himeacht ama, chuirte síleáil ar sheomraí codlata agus déirithe trí thaobhanna cófraí tae nó málaí plúir a úsáid agus aoldath a chur orthu. Ba léiriú ar a stádas an cineál síleáil a chuirte ar an 'seomra maith' nuair a d'úsáidtí cláir shéamáilte (teanga agus eitre) ann de ghnáth. De ghnáth, is é an chistin an seomra deireanach a fhaigheann síleáil ach fághtar an-chuid díobh oscailte. Is gné shuimiúil i roinnt ceantar é tuí nó líneáil caolaigh a leagtar go maisiúil.



Teallach agus spiara ar clé, Port Ailigh, Co. Phort Láirge
(Barry O'Reilly)

De ghnáth, dhéantaí na ballaí laistigh a rindreáil le plástar aoil, ach níl ach aoldath ar chuid díobh. Chuirí an dath bán orthu de ghnáth chun an solas a uasmhéadú, ach d'úsáidtí páipéar balla freisin, i seomraí codlata agus parlúis de ghnáth.

Is minic a bhíonn an staighre géar agus déanta go garbh i bhfoirgnimh dhá stór nó i bhfoirgnimh ina bhfuil lochta, nó bíonn dréimire ann chun na seomraí thuas staighre a rochtain. Ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh sula ndéantar aon cheann dena gnéithe seo a athrú.

An tSeanchistin agus an Teallach

Cé gur minic a bhíonn taobh amuigh den teach dúchasach réasúnta simplí, is minic freisin a bhíonn an taobh istigh dó fágtha gan mórán athruithe agus é an-suimiúil dá bharr. De ghnáth, ní bhíonn cur amach ag an bpobal ach ar an taobh amuigh den teach dúchasach ach beidh taithí ag comharsana taobh leis teacht isteach sa chistin chun tae a ól agus dreas cainte a dhéanamh. Tá an seomra seo thar a bheith tábhachtach chun tuiscint agus meas a chothú ar shuntasacht agus luach traidisiúnta tí dhúchasaigh.

Bhíodh an teallach i gcroí lár saol an teaghlaigh go traidisiúnta agus bhíodh sí tábhachtach ar chúiseanna éagsúla, e.g. cúrsaí teasa, éadaí etc. a thriomú, bia a chócaráil agus a bheiriú, iasc nó feoil a dheatú, agus gníomhaíochtaí riachtanacha eile. D'úsáidtí go leor uirlisí agus trealaimh suimiúla éagsúla, amhail an chraein, an chroch agus an slabhra, arna ndéanamh ag an ngabha áitiúil. I measc na n-earraí olltáirgthe a ceannaíodh, tá an ghrídeall, an tlú, citil, potaí, iarann smúdála agus boilg nó gaothráin tine.



Seanchistin, Dolly's Cottage, An Leathros, Co. Shligigh agus cailleadh taobh leis an teallach (Barry O'Reilly)

Rud atá tábhachtach, is cois teallaigh go nádúrtha a shuíodh na comharsana, ag scéalaíocht agus ag cur ar aghaidh sheanchas na ndaoine. Tá an teallach agus an tine fite fuaite le corpas mór traidisiúin, a bhaineann le rudaí osnádúrtha go príomha.

Is tábhachtach an rud é, agus léiríonn sé meas ar an teach dúchasach agus ar a chónaitheoirí fadó, an seanteallach a choinneáil mar aon le haon ghnéithe atá fós ann, amhail poill choinneála salainn agus tobac, agus feistis iarainn nó adhmaid.

Troscán Traidisiúnta

Gné de thithe dúchasacha a ndéantar neamhshuim di go minic ná an troscán agus na nithe beaga a thugann léiriú ar shaol a n-úinéirí. Déantóirí troscáin agus gaibhne áitiúla, nó siúinéir ar a phá nó tincéir, a rinne an-chuid de na nithe seo, agus tá comharthaí sóirt ar leith le feiceáil ar chuid díobh. Ceannaíodh nithe 'ní ba ghalánta' i siopaí nó ó pheidléirí nó díoltóirí taistil.




Drisiúr i dteach ó Ballyveagh, Co. an Dúin ag an
Ulster Folk and Transport Museum (Barrv O'Reilly)

I measc na ngnáthrudaí a aimsítear sa chistin dhúchasach tá an drisiúr, leaba shuíocháin, cófra bia, bord (faoi fhuinneog go minic) agus réimse cathaoireacha adhmaid agus suíocháin adhmaid nó súbáin orthu. Níos annaimhe, bíonn cuinneoga, taisceadáin feola, araidí plúir agus suíocháin tuí le fáil. Cheannaítí soithí cócaireachta agus uirlisí tine, gréithe agus nithe 'galánta' sa siopa.

Ó thaobh troscáin seomra leapa de, bíonn cineálacha éagsúla leapacha le fáil, lenan-áirítear leapacha cumhdaithe in adhmaid nó éadach, seastáin níocháin, scrínte agus cófraí le haghaidh éadaí agus éadaí leapa, cuilteanna breac agus saothair cheardaíochta ina measc. Sa pharlús, úsáidtear gnáthrudaí coitianta a fhaightear lasmuigh den cheantar áitiúil de ghnáth.

I measc na rudaí beaga a bhíonn i dtithe dúchasacha tá teistiméireachtaí, tíolacthaí agus obair shnáthaide, priontaí reiligiúnacha, dealbha, lampaí an Chroí Rónaofa, crosóga agus nathanna ón mBíobla. Bíonn Crosóga Bhríde fós le feiceáil in go leor tithe, déanta ag na leanaí ar scoil de ghnáth anois.

Go traidisiúnta, d'úsáidtí crúite capaill (nó asail) agus plandaí nó bláthanna áirithe chun fórsaí osnádúrtha a chur ó dhoras. D'úsáidtí an 'buachaill' (*sempervivum*) chun cosaint a thabhairt ar dhóiteán agus feictear fós é i gceann tuí tithe áirithe, nó in áit eile sa chlós.



Crosóga Bhríde, Co. Ard Mhaca (E. Estyn Evans, *Irish Folk Ways* (1957))



An Buachaill (*sempervivum tectorum*) ag fás sa tuí, Daichead Acra, Brú Rí, Co. Luimnigh (Barry O'Reilly)

Clóis Feirme agus Timpeallachtaí

Is cuid riachtanach de shaol na tuaithe é clóis feirme agus baineann éagsúlacht leo ó áit go háit ó thaobh foirme agus leagain amach de, rud a léiríonn an cineál feirmeoireachta a dhéantar sa cheantar, méid na feirme agus b'fhéidir traidisiúin níosleithne agus níos stairiúla. De ghnáth, bíonn clóis feirme i gceantair ísiltíre níos mó, níos rialta agus leagtha amach mar chlós; bíonn clóis feirme i gceantair shléibhtiúla leagtha amach i gcruth líneach, comhthreomhar nó d'fhéadfadh siad a bheith níos scaipthe ná sin.

Tá an réimse cineálacha éagsúla foirgneamh dúchasach in Éirinn simplí go leor i ndáiríre. Tá idir chróite, stáblaí agus seideanna stórála ann ach is beag difríocht atá eatarthu ó thaobh crutha de. De ghnáth, bíonn na foirgnimh feirme beag agus gan ach aon stór amháin acu, agus iad déanta as na hábhair céanna agus trí na modhanna céanna a úsáidtear agus tithe á dtógáil. Is léiriú maith ar úsáid an fhoirgnimh é leithead na ndoirse, agus is minic a bhíonn lochta féir agus fuinneog sa bhinn le fáil sna stáblaí. Uaireanta bíonn taobh istigh suimiúil i gceist, le seanstáblaí agus mainséir, urláir doirneogacha, cainéil le haghaidh dramhaíola, agus gnéithe eile. Ba mhinic a chuirtear leis na foirgnimh dhúchasacha thar na céadta, agus mar sin, bíonn cuma an-tarraingteach ar fad ar na díonta droimneacha.

Seans go mbeidh seanchlóis dhoirneogacha sna clóis feirme freisin, agus is tábhachtach aire a thabhairt agus cothabháil a dhéanamh orthu sin chomh maith. Bíonn teorainneacha traidisiúnta ann freisin déanta as cloch nó as fálda agus crainn, chomh maith le húlloird, gairdíní agus plandáil eile. Is cuid an-suntasach ar fad dár dtírdhreacha dúchasacha iad ballaí, claíocha agus teorainneacha a bhfuil crainn curtha iontu taobh le páirceanna agus bóithre.



Clós feirme san Fhliuchmhuine, Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh (Barry O'Reilly)

Thosaigh sciobóil iarainn ag teacht chun cinn ar fud na hÉireann i ndiaidh 1850 agustharla sé go raibh an-tóir ar fad orthu. Cé gur ceapadh thar bráid é, agus go n-úsáidtear comhpháirteanna iompórtáilte iontu, is gnáthradharc iad i ngach clós feirme dúchasach nach mór. Is gné tharraingteach de chlóis feirme iad na foirgnimh rua seo lena díonta leathbhairille (nó claonta uaireanta), agus a dtaobhanna líonta uaireanta le leatháin iarainn nó coincreít.



Caidéal uisce agus cuinneoga bainne, Áth Eine, Co. Thiobraid Árann (Barry O'Reilly)

Gaibhníodh geataí iarainn bhuailte i dtithe ceárta áitiúla, mar aon le réimse leathan uirlisí miotail arna n-úsáid i dtimpeallachtaí dúchasacha, ar an bhfeirm, nó ag iascairí nó daoine eile. Is minic a bhaineann comharthaí sóirt ar leith leis na geataí seo a mbíonn cuma dheas orthu i gclóis feirme agus ar thaobh an bhóthair. Go hiondúil, bíonn na geataí ceangailte le piaraí cearnógacha nó cruinne, obair shaor cloiche áitiúil. Ní gnách geataí iarainn theilgte arna ndéanamh sa teilgcheárta a fheiceáil i dtimpeallachtaí dúchasacha.



Geata iarainn gaibhnithe, gar don Bhaile Nua (New Buildings), Co. Dhoire (Barry O'Reilly)

Go hachomair...

- Is léiriú é ár n-oidhreacht dhúchasach ar na daoine a chruthaigh agus ar na daoine a d'úsáid í
- Nuair a thugtar aire chúramach don oidhreacht seo, léirítear meas ar obair agus cruthaitheacht ár sinsear
- Is é 'an t-athchóiriú bog' an cur chuige is fearr maidir le hobair a dhéanamh ar fhoirgnimh dhúchasacha
- Faigh dea-chomhairle roimh oibreacha a thosú a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fhoirgnimh dhúchasacha
- Seans go mbeidh d'údarás áitiúil nó, i dTuaisceart Éireann, Rannóg an Chomhshaoil Stairiúil, An Roinn Pobal, in ann comhairle a chur ort agus cabhrú leat maidir le deontais a fháil
- Léirigh meas ar shaintréithe, leagan amach agus gnéithe dílse na bhfoirgneamh dúchasach
- Seachain faisin na huaire
- Bí an-chúramach má tá iarfheistiú fuinnimh á dhéanamh agat
- Agus deisiúcháin nó athchóirithe curtha i gcrích, níor cheart go mbeadh an obair sin le feiceáil in aon chor
- Déan d'fhoirgnimh a sheiceáil ar bhonn rialta ar chúiseanna deisiúcháin
- 'Coimhead, deisigh, déan athchóiriú bog'
- Coinnigh ort leis an dea-obair má tá tú i do chaomhnóir ar fhoirgneamh dúchasach cheana féin!



Scioból agus tréithe dúchasacha air, le tacaí déanta as cuailí adhmaid, Maide Buí, Droichead Barrington, Co. Luimnigh (Barry O'Reilly)

Eolas/Sonraí Teagmhála

- Beartas um Oidhreacht Thógtha, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1 D01 W6X0.
Teil.: (01) 888 2465
builtheritage@housing.gov.ie
- Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha
bhis@housing.gov.ie
- Ciste um Struchtúir Stairiúla
hsf@housing.gov.ie
- Rannóg na nDeontas Tuíodóireachta, Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, Tithe an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 E8N6.
Teil.: (093) 24 333
thatch@housing.gov.ie
- Deontais um Fhoirgnimh Feirme: An Chomhairle Oidhreacht, Áras na hOidhreacht, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh R95 X264.
Teil.: (056) 777 0777
ameenan@heritagecouncil.ie
- services@localauthorities.ie
- Rannóg an Chomhshaoil Stairiúil, An Roinn Pobal, 9 Plás Lanyon, Páirceanna an Bhaile, Béal Feirste BT1 3LP.
Teil.: (028 90) 819 226
historicensequities@communities-ni.gov.uk
- Historic Environment Fund
historicensequities@communities-ni.gov.uk
- Oidhreacht Ailtireachta Ulaidh, Seanfhoirgneamh Músaem, 7 Cearnóg Thuaidh an Choláiste, Béal Feirste BT1 6AR.
Teil.: (028 90) 550 213
Info@uahs.org.uk

Téacs le Barry O'Reilly agus Caroline Maguire

© 2021 An Roinn Pobal (Tuaisceart Éireann) agus
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (Éire)

Íomha ar an gclúdach thiar: Sraith de thithe dúchasacha uirbeacha, Bóthar Hillhall, Lios na gCearrbhach, Co. Aontroma (RCSARP)

gov.ie/housing
communities-ni.gov.uk

